

## An Uaimh – Ráiteas Scríofa

### 1.0 Réamhrá

Tá cur síos gairid agus straitéis forbartha le haghaidh na hUaimhe le fáil sa ráiteas scríofa seo. Ullmhófar Plean Ceantair Áitiúil mionsonraithe don bhaile le linn shaolré an Phlean seo.

### 2.0 Comhthéacs/Carachtar an Bhaile

Is í an Uaimh an baile contae agus lárionad riaracháin na Mí. Agus breis is 30,000 duine ag cur fúthu ann, is é an baile is mó sa Chontae agus an príomhionad fostaíochta agus seirbhísí é. Ainmnítear an Uaimh mar Phríomhbhaile sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE).

Is baile tarraingteach é ina bhfuil go leor sráid-dreacha stairiúla agus gnéithe stairiúla fós le fáil i lár an bhaile. Téann an Abhainn Dhubh agus an Bhóinn i bhfeidhm ar charachtar agus suíomh an bhaile.

Baineann an baile tairbhe as ionad siopadóireachta nua-aimseartha ar Bhóthar Uí Chinnéide agus lár dlúth atá dírithe ar Shráid Gheata Bhaile Átha Troim agus Sráid Ludlow.

Tá an patrún forbartha is déanaí sa bhaile ag baint le forbairt chónaithe sa cheantar máguaird atá comhlánaithe ag forbairt thráchtála i bhfoirm ionaid chomharsanachta agus páirceanna miondíola.

I dteannta le lár an bhaile, tá criosanna fostaíochta sa chuid thuaidh, cuid thoir theas agus cuid thiar theas den bhaile, agus tá ag éirí go maith leis na páirceanna tionsclaíochta agus gnó ansin. Ina measc tá Páirc Ghnó IDA ar an taobh thoir theas de lár an bhaile, áit ar athlonnaíodh Ceanncheathrú Chomhairle Contae na Mí le déanaí.

I measc na seirbhísí atá ar fáil san Uaimh tá seirbhís ospidéal ghéarmhíochaine le haghaidh réigiún an oirthuaiscirt ag Ospidéal Mhuire, seirbhís cúirte, áiseanna oideachais, agus an riarachán poiblí.

Maidir le nascacht, tá an Uaimh suite i suíomh straitéiseach cóngarach de mhótarbhealach M3 agus tá an baile nasctha le Baile Átha Cliath agus le hionaid réigiúnacha mórthimpeall air mar gheall ar ghréasán bóithre náisiúnta agus réigiúnacha. Tá seirbhís bus áitiúil agus réigiúnach ann lena n-áirítear seirbhís rialta mearbhus go dtí Baile Átha Cliath.

Áit sa Chéimiúlacht Lonnaíochta	Príomhbhaile
<b>2016 Daonra</b>	30,173
<b>2011 Daonra</b>	28,559
<b>Athrú Céatadáin 2011-2016</b>	6%
<b>Soláthar tithíochta 2016</b>	10,949
<b>Líon aonad críochnaithe 2016-2019</b>	781
<b>Aonaid a gealladh nár tógadh go fóill</b>	924

<b>Leithdháileadh Teaghlaigh faoin gCroístraitéis 2020-2026<sup>1</sup></b>	2,884 aonad
<b>Réamh-mheastachán Daonra 2026</b>	35,273
<b>Oibrithe Cónaitheacha 2016</b>	12,190
<b>Líon Iomlán Post 2016</b>	8,970
<b>Cóimheas Post – Fórsa Saothair 2016</b>	0.73
<b>Dlús molta forbairtí amach anseo</b>	Cóngarachta do stáisiúin traenach a thógfar amach anseo – 45 aonad/heicteár Gach suíomh eile – 35 aonad/heicteár
<b>Saoráidí Oideachais</b>	16 agus Bord Oideachais agus Oiliúna agus roinnt roghanna cúraim leanaí.
<b>Saoráidí Pobail</b>	13 lena n-áirítear ionad pobail, cumann agus tailte lúthchleasaíochta, linn snámha, clubanna spóirt, Ionad Ealaíon Solstice agus Ospidéal Mhuire
<b>Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAnna)</b>	Limistéar Caomhantais Ailtireachta na hUaimhe
<b>Déanmhais Chosanta</b>	202
<b>Crios Acmhainneachta Seandálaíochta</b>	Sin atá ann
<b>Láithreáin Natura 2000</b>	Is ann dóibh - tá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne & na hAbhann Duibhe suite i limistéar na lonnaíochta.
<b>Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile</b>	An priacal tuile agus an fhorbairt a bhainistiú i gcomhréir leis na beartais agus na cuspóirí ceadaithe mar a leagtar amach iad in Imleabhar 1 Caibidil 6: Bonneagar. Cuirtear an cur chuige seicheamhach i bhfeidhm ar thailte criosaithe neamhfhorbartha agus seachnaítear riosca mar rogha. Tá roinnt talún atá ann cheana féin i mbaol agus níl scéim féideartha faoisimh tuile deimhnithe ag OOP tar éis cur chun cinn foirmeálta 118 scéim ón bpróiseas CFRAM. Ba cheart go mbeadh aon bhóthar ceangail féideartha a rachadh trasna Chrios Tuile A/B faoi réir Measúnachta ar Phriacal Tuile agus cead Alt 50.
<b>Bonneagar/Toilleadh Seirbhísí Uisce</b>	Scéim Soláthair Uisce na hUaimhe & Lár na Mí a sholáthraíonn uisce don Uaimh – toilleadh ar fáil. Níl ach toilleadh teoranta ar fáil ag Ionad Cóireála Fuíolluisce na hUaimhe.

<sup>1</sup> Tá na haonaid nár tógadh fós san áireamh sa leithdháileadh seo

### 3.0 Fís

*“Go leanann an Uaimh de bheith ag feidhmiú agus ag forbairt mar <sup>2</sup>Phríomhbhaile ilmhódach sa Mhí; go mbeidh sí ina lárionad tábhachtach fostaíochta le haghaidh seirbhísí riaracháin, miondiola, sláinte agus oideachais, áit a dtarlaíonn forbairt i lár an bhaile i gcomhréir le hinfheistíocht sna páirceanna gnó agus tionsclaíochta, rud a chuirfidh le buanna an bhaile mar áit le haghaidh maireachtála, oibre agus infheistíochta agus a thacóidh le pobal inbhuanaithe a chruthú dá bharr.”*

### 4.0 Deiseanna

- Toisc gur ainmníodh an Uaimh mar Phríomhbhaile sa SRSE, tá deis ar leith ag an mbaile fás mar chuid de chlár athnuachana le tacaíocht rochtana ilmhódaí.
- Mar chuid den straitéis chun fás níos dlúithe a bhaint amach, tá deis ann forbairt na dtailte neamhshealbhaithe agus tearcúsáidte sa chroílár uirbeach a chur chun cinn. Cabhróidh dul chun cinn Thionscadal Athnuachana Chnoc na mBláth agus na Scéime Gníomhachaithe Talún, a fuair maoiniú ón gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí, le fás níos comhdhlúite a bhaint amach in áiteanna den bhaile nach bhfuair mórán infheistíochta go dtí seo agus atá tite i léig.
- Nuair a chuirfear an Straitéis Ríochta Poiblí dar teideal ‘An Uaimh 2030’ i bhfeidhm, beidh nascacht níos fearr idir sráideanna agus spásanna uirbeacha agus cuirfear feabhas ar an ngréasán cosán sa bhaile chun timpeallacht níos fearr le haghaidh coisithe a chruthú, rud a fheabhsóidh caidreamh poiblí agus a mheallfaidh níos mó daoine go dtí lár an bhaile.
- Ós rud é gur éirigh leis an gComhairle maoiniú ón gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (CBASTG) a fháil chun Bóthar Dáileacháin i mBaile Fargáin a thógáil, tá deis ann forbairt chónaithe a sholáthar agus tailte straitéiseacha atá tábhachtach ó thaobh fostaíochta agus fiontair de a scaoileadh sa chuid seo den bhaile.
- Cinnteofar go mbeidh dóthain tailte ar fáil le haghaidh úsáidí fostaíochta agus tacófar le soláthar príomhthionscadal bonneagair, forbartha cónaithe agus tionscadal ríochta poiblí chun bonn eacnamaíoch na hUaimhe a fhorbairt agus a stádas mar phríomhionad fostaíochta sa Chontae a neartú, rud a chinnteoidh go mbeidh an-tóir ar an mbaile mar áit chónaithe agus ghnó.
- Tá deis ag baint leis na tailte breise fostaíochta a ainmníodh ar Bhóthar Bhaile Átha Troim maidir le hinfheistíocht shuntasach eacnamaíoch a mhealladh go dtí an bhaile.
- Ós rud é gur aithníodh sa Tuarascáil Chomhpháirtíochta Sláinte gurb é an Uaimh an suíomh is fearr maidir le forbairt ospidéal réigiúnaigh le haghaidh réigiún an oirthuaiscirt, tá deis ann don Uaimh a bheith ina mol le haghaidh cúram sláinte i réigiún an oirthuaiscirt.

<sup>2</sup> Cuspóir Beartais Réigiúnaigh (CBR) 8.8: ‘Leis an SRSE, tugtar tacaíocht do sholáthar na dtionscadal iarnróid mar atá leagtha amach i dTábla 8.2, ag brath ar thoradh an mheasúnaithe chuí timpeallachta agus ar an bpróiseas pleanála.’ Leis na tionscadail seo beartaítear:- Líne Dhún Búinne / Páircbhealach M3 a shíneadh go dtí an Uaimh le linn Athbhreithniú Meántréimhseach ar Straitéis Iompair Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath;

- Baineann deis le hathlonnú Cheanncheathrú Chomhairle Contae na Mí go dtí Teach Buvinda I bPáirc Ghnó IDA maidir le hathfhorbairt a dhéanamh ar iar-Oifig na Comhairle Contae ar Shráid an Iarnróid, áit atá ina príomhláithreáin i lár an bhaile. Mar chuid den mhaoiniú a fuarthas faoin gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí, ullmhófar Creatphlean le haghaidh Thionscadal Athnuachana Halla an Chontae. Leis sin, déanfar athchóiriú ar Scoil Chlasaiceach Phádraig agus déanfar í a fhorbairt mar Chartlann an Chontae, ionad taighde ginealais agus spás taispeántais agus staidéir.
- Déanfar athfhorbairt ar Pháirc Tailteann, rud a chuirfidh áis nua-aimseartha spóirt ar fáil sa bhaile inar féidir imeachtaí spóirt náisiúnta agus réigiúnacha a chur ar siúl.<sup>3</sup>

## 5.0 Straitéis Talamhúsáide

Is é is aidhm leis an straitéis forbartha le haghaidh na hUaimhe ná tacaíocht a thabhairt d'fhás daonra agus eacnamaíoch i gcomhréir lena stádas mar 'Phríomhbhaile' sa SRSE. Beidh béim ar an mbonn fostaíochta a leathadh chun chruthú post a éascú ionas go bhfeabhsófar an cóimheas poist le lucht saothair agus go laghdófar an méid comaitéireachta. Chun é seo a bhaint amach, tacófar le forbairt gnó agus fiontair agus aithneofar na feabhais bhonneagair atá ag teastáil chun níos mó infheistíochta mhealladh go dtí an Uaimh.

Déanfar athfhorbairt ar láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta i dteannta le forbairt láithreán úrnua atá cóngarach don bhaile chun fás comhdhlúite a bhaint amach, rud a chabhróidh le lonnaíocht níos inbhuanaithe a chruthú ina bhfuil deiseanna ag daoine úsáid a bhaint as modhanna níos inbhuanaithe iompair.

Díreofar fás cónaithe ar sholáthar forbairtí d'ardchaighdeán seachas ar an 'sprioc teaghlaigh' mar atá sonraithe sa Chroístraitéis. Aithnítear go bhfuil barrachas tailte atá criosaithe do thithe cónaithe sa bhaile, go príomha mar gheall ar bharráíocht criosaithe talún do thithe cónaithe i bpleananna roimhe seo. Mar a mholtar in alt 4.3 den SRSE 'Taking Account of Existing Plans', moltar sa Phlean seo go saineofar 'cúlsoláthar' tailte barrachais nach mbeidh ar fáil le haghaidh forbartha le linn thréimhse an Phlean, rud a thabharfar tosaíocht do thailte cónaithe. Cinnteoidh an cur chuige seo go mbeidh dóthain tailte cónaithe ar fáil le linn thréimhse an phlean agus go mbeidh straitéis soiléir ann maidir le fás fadtéarmach an bhaile.

Cé go mbeidh iompar inbhuanaithe agus Taistil níos Cliste i gcroílár na straitéise forbartha le haghaidh na hUaimhe, tá roinnt bóthair straitéiseacha atá ríthábhachtach maidir le fás fadtéarmach an bhaile. Chuirfí feabhas ar nascadh agus rochtain taobh istigh den bhaile mar gheall ar thógáil na mbóithre seo agus bhainfí méid suntasach tráchta de lár an bhaile, rud a chruthódh deiseanna chun feabhas a chur ar an mbonneagar coisithe agus rothaíochta i lár an bhaile.

Is príomhchuspóir leis an gComhairle é tacú leis an nasc iarnróid le haghaidh paisinéirí a shíneadh ó Dhún Búinne go dtí an Uaimh agus Baile Átha Cliath ionas go gcruthófaí tuilleadh nascachta agus go neartófaí acmhainneacht eacnamaíoch an bhaile.

<sup>3</sup>Aithnítear sa SRSE go mbeidh athfhorbairt Pháirc Tailteann ina háis thábhachtach ó thaobh geilleagair, spóirt agus cultúir le haghaidh na Mí agus an Réigiúin iomláin.

## 5.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá méadú seasta tagtha ar fhorbairt chónaithe ó 2016 agus tá an chuid is mó den fhorbairt á déanamh I gceantar Bhaile Sheáin, áit a bhfuil dhá fhorbairt mhóra ann (Cois Glaisín agus Dunville) atá in iomaíocht le chéile nach mór. Le linn thréimhse an Phlean seo, díreofar i gceantar Bhaile Sheáin go príomha ar an ‘mbearna a druidim’ toisc go bhfuil easpa saoráidí pobail sa cheantar.

Tá soláthar seasta tithíochta á chur ar fáil go leanúnach freisin i gCluain Mhic Adáin i dtuaisceart an bhaile agus ag Bóthar an Choimín san iardheisceart.

I dteannta leis na forbairtí móra, tá tithíocht curtha ar fáil ar láithreáin inlíonta ar fud an bhaile chomh maith. Chuir Comhairle Contae na Mí mionscéim eiseamláire tithíochta ar fáil ar Bhóthar Bhaile an Phrútaigh agus chuir an fhorbairt sin go mór le hathnuachan talún athfhorbraíochta sa cheantar sin.

De réir mar a chuirfear críoch leis na forbairtí atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh candam leordhóthanach de thailte cónaithe ar fáil sa bhaile chun tacú leis an bhfás réamh-mheasta daonra le linn thréimhse an Phlean.

Tá píosa talún cónaithe ar Shráid an Acadaimh faoi fhad siúil de lár an bhaile agus dá bhforbrófaí na tailte sin, chomhdhlúthófaí croílár uirbeach an bhaile agus chuirfí meascán oiriúnach de chineálacha tithe ar fáil, árasáin san áireamh, a bheadh ag freastal ar riachtanais éagsúla tithíochta. Chabhródh forbairt na dtailte sin le patrún forbartha níos dlúithe a chruthú sa bhaile.

Tá dlúthnasc idir forbairt na dtailte cónaithe atá fágtha sa bhaile agus soláthar na mbóithre dáileacháin. Mar chuid den straitéis fáis le haghaidh an bhaile, déanfar cuid de na tailte a fhorbairt go céimneach de réir measúnú cónaithe agus na tailte a bheith curtha in ord tosaíochta. Tá an méid sin i gceist leis na tailte sna háiteanna seo a leanas:

- i) Baile Fargáin – Formheasadh maoiniú CBASTG le haghaidh píosa den Bhóthar Dáileacháin (LDR 6) a nascfadh Bóthar na Bóinne le Bóthar Bhaile an Cheantaigh. D’fhéadfaí c.1,600 aonad cónaithe a chur ar fáil mar gheall ar an bpíosa sin den bhóthar a bheith tógtha. Agus an réamhobair a bhaineann le soláthar an Bhóthair Dáileacháin sin á cur san áireamh, ní dócha go soláthrófar na haonaid sin go léir le linn shaolré an Phlean seo. Dá bhrí sin, moltar na tailte sin a scaoileadh go céimneach.
- ii) Bóthar an Choimín – tá c.33 heicteár de thailte cónaithe ag brath ar sholáthar bóthair ceangail idir Bóthar an Choimín agus Bóthar Bhaile Átha Troim (LDR 2(a)). Tá c.17.4 heicteár de na tailte sin á gcur ar fáil le linn an Phlean seo agus ní bheidh na 15.6 heicteár eile ar fáil le forbairt go dtí tar éis na bliana 2026. Baile Naoimhín – tá c.19 heicteár de thailte cónaithe in aice leis an tearmann iarnóid le haghaidh líne Iarnróid na hUaimhe ag brath ar bhóthair ceangail idir Bóthar Ráth Arlain agus Bóthar Cheanannais a bheith tógtha. Cé go bhfuil sé mar aidhm leis an bPlean seo tacú le soláthar an bhóthair ceangail sin, tógfaidh sé roinnt blianta chun é a bhaint amach. Dá bhrí sin, moltar na tailte sin a fhorbairt tar éis na bliana 2026. Déanfar mionscrúdú air sin mar chuid d’ullmhúchán an Phlean Ceantair Áitiúil le haghaidh na hUaimhe.
- iii) Crios Forbartha Straitéisí (CFS) Chluain Mhic Adáin – c.38 heicteár de thailte cónaithe ar féidir 1,400 aonad cónaithe a thógáil orthu. Meastar gur dócha go mbeidh forbairt na dtailte CFS seo ar siúl thar thimthriall roinnt Pleananna Forbartha, go háirithe má dhéanfar athrú ar an scéim atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, cuireann an CFS seo cúlsoláthar fadtéarmach de thalamh chónaithe ar fáil i dtuaisceart an bhaile. Tacaíonn an Chomhairle le tailte CFS Ghleann Chluain Mhic Adáin agus aon bonneagar gaolmhar a bhaineann leo a fhorbairt

Chun forbairt na dtailte thuasluaite a bhaint amach, beidh comhordú ag teastáil idir forbróirí na dtailte agus an tÚdarás Áitiúil maidir le céimniú agus dearadh bhonneagar an bhóthair seo. Cé gur aithníodh gur dócha nach soláthrófar na bóithre dáileacháin go léir le linn shaolré an Phlean seo, tá sé tábhachtach mar sin féin na bóithre sin agus na tailte a bhaineann leo a chur san áireamh chun forléargas straitéiseach a chur ar fáil maidir leis an bhforbairt réamh-mheasta a tharlóidh san Uaimh sna leathscóir blianta atá amach romhainn. Tabharfaidh sé sin soiléireacht do ghníomhaireachtaí forbartha agus d'infheisteoirí ionchasacha araon maidir leis an gcineál forbartha a bheidh ar siúl sa bhaile amach anseo.

### 5.1.1 CFS Ghleann Chluain Mhic Adáin

Baineann Crios Forbartha Straitéisí Chluain Mhic Adáin le ceantar de thart ar 38 heicteár i dtuaisceart na hUaimhe idir Bóthar Dhún an Rí agus Bóthar Bhaile Shláine. Tá an talamh criosaithe do thithe cónaithe agus d'fhéadfaí suas le 1,400 aonad cónaithe a thógáil uirthi.

Bhí Scéim Pleanála CFS ceadaithe ag an mBord Pleanála in 2004.

Níor deonaíodh cead pleanála le haghaidh forbairt ar bith faoin scéim seo.<sup>4</sup> Bheadh gá le tograí a chur isteach le haon iarratas pleanála ar na tailte sin maidir le huasghrádú an bhonneagair áitiúil bóithre lena n-áirítear tógáil an Bhóthair Dáileacháin idir Bóthar Ráth Arlain agus Bóthar Cheanannais (LDR 4). Tá iarratas pleanála le haghaidh an bhóthair sin le cur faoi bhráid An Bord Pleanála in 2020.

### 5.1.2 Athnuachan Uirbeach agus Bainistíocht Talún Gníomhaí

Agus an Straitéis um Bainistíocht Talún Gníomhaí á cur i bhfeidhm aici agus tionscadail atá maoinithe ag an gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí á gcur chun cinn, tá an Chomhairle ag tabhairt faoi chur chuige gníomhach i leith athnuachan uirbeach. Mar chuid den Straitéis um Bainistíocht Talún Gníomhaí, déanfar monatóireacht rialta ar láithreáin neamhshealbhaithe agus tacófar le hathnuachan cheantar an bhaile nach bhfuair mórán infheistíochta agus atá tite i léig.

Is sampla de sin é cás Chnoc na mBláth inar tháinig méadú ar ghníomhaíocht fhrithshóisialta mar gheall ar an méid mór láithreán neamhshealbhaithe san cheantar. Fuair an Chomhairle maoiniú faoin gCiste Athnuachana agus Forbartha Uirbí chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo. Úsáideadh an maoiniú sin chun Plean Ríochta Poiblí a ullmhú le haghaidh an cheantair ina leagfar amach na feabhsaithe atá ag teastáil chun timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingteacha a chruthú.

Baineann Máistirphlean 1 le ceantar Chnoc na mBláth agus cé go bhfuil dúshláin ag baint leis na tailte sin a fhorbairt mar gheall ar an tírdhreach a bheidh ag titim le fána agus an chónagaracht don Bhóinn, tá na tailte sin in áit lárnach agus tá deis ag baint leo maidir le forbairt ilchineálach agus taitneamhacht poiblí a chruthú taobh leis an mBóinn, rud a chabhróidh le hathnuachan cheantar Chnoc na mBláth.

I dteannta le Tionscadal Athnuachana Chnoc na mBláth, fuarthas maoiniú le haghaidh Scéim Gníomhachtaithe Talún sa bhaile. Faoin scéim sin, gheofar láithreáin thréigthe sa bhaile agus feabhsófar iad. Nuair a bheidh deireadh leis na costais mhínormálta a bhaineann le forbairt na láithreán sin, cuirfear ar fáil iad do pháirtithe príobháideacha ar léasanna fadtéarmacha nó faoi shocrúithe ceadúnais.

<sup>4</sup> Fuarthas iarratas maidir le tailte CFS in 2009 (NT900117). Diúltaíodh don iarratas sin toisc nár chomhlíonaigh sé an Scéim Pleanála Faofa le haghaidh an CFS.

Tá na tailte ag Eastát Balmoral ar Bhóthar Cheanannais ina láithreán tábhachtach eile athfhorbraíochta. Deonaíodh cead chun foirgneamh ilchineálach 6 stór a fhorbairt le haghaidh úsáidí oifige agus miondíola. Beidh úsáid níos gníomhaí ag baint leis an bhforbairt sin i gcomparáid leis na trádstórais agus na seomraí taispeántais atá ar na tailte faoi láthair, rud a chuirfidh le beocht an cheantair agus a éascóidh réimse úsáidí i gcroícheantar an bhaile.

Tacóidh an Plean seo le hathfhorbairt chuí na dtailte agus na n-áitreabh neamhshealbhaíthe nó tearcúsáidte sa bhaile.

### 5.1.3 Dearadh/Scála Cónaithe

Ba chóir go dtacóidh dearadh agus scála aon fhorbartha nua cónaithe le cruthú timpeallachtaí maireachtála ard-dlúis d'ardchaighdeán atá suite taobh le conairí iompair phoiblí agus cóngarach do lár an bhaile.

Mar chuid den straitéis chun fás níos dlúithe a bhaint amach, ní mór d'aon fhorbairt i lár an bhaile nó i suímh straitéiseacha forbairt ard-dlúis de suas le 45 aonad/heicteár a chur ar fáil. Baineann sé sin le tailte i lár an bhaile agus tailte ilchineálacha, leis na tailte cónaithe ar an taobh thiar de Shráid an Acadaimh, agus leis na tailte cónaithe in aice le stáisiúin traenach a thógfá sa bhaile amach anseo. Bheadh na tailte sin ar na láithreáin ba chúil le haghaidh forbairtí árasán agus ba chóir iad a chur san áireamh mar chuid den mheascán teaghlach sna suímh seo.

Ba chóir na tailte eile sa bhaile a fhorbairt de réir dlúis de suas le 35 aonad/heicteár.

Tá ceangal ar Údarás Phleanála faoi 'Threoirínte um Fhorbairt Uirbeach agus Airde Foirgnimh' (2018) maidir le ceantair a aithint ina mbeidh tóir ar fhoirgnimh d'airde méadaithe le haghaidh athfhorbartha, athnuachana agus forbartha inlíonta chun cuspóirí an CNP agus an SRSE a bhaint amach.<sup>5</sup>

Baineann airde thraidisúnta na bhfoirgneamh san Uaimh le foirgnimh ísle a bhfuil idir 2 agus 4 stór acu. Baineann forbairtí níos déanaí le foirgnimh de suas le 5 stór. Beidh sé de chuspóir leis an bPlean seo carachtar ginearálta an sráid-dreacha atá sa bhaile a chaomhnú agus ní mór d'aon fhorbairt nua ar thailte úrnua nó ar thailte inlíonta a bheith de dhearadh agus de scála cuí chun réiteach le hairde na bhfoirgneamh atá sa cheantar faoi láthair. Taobh istigh de cheantair an Mháistirphlean, tabharfar tacaíocht d'fhorbairt foirgneamh sainchomhartha. Ní gá go mbeadh foirgneamh sainchomhartha ina fhoirgneamh ard i gcónaí. D'fhéadfadh foirgneamh de dhearadh suntasach a bheith i gceist.

Maidir le foirgnimh níos airde a fhorbairt ar phríomhláithreáin sa bhaile, measfar gach cás ar leithligh. Beidh an chaoi a chuirfidh an foirgneamh le carachtar tógtha an cheantair ina bhunchritéir mheasúnaithe le haghaidh foirgnimh arda. Bheadh gá le ráiteas dearaidh a chur isteach le haon iarratas pleanála ina shonrófar na prionsabail dearaidh, scála agus mórdhlúthú an fhoirgnimh nó na bhfoirgneamh i dteannta leis an tionchar a bheadh ag an bhforbairt ar an sráid-dreach áitiúil agus ar thaitneamhachtaí cónaithe an cheantair. Bheadh gá freisin le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh an foirgneamh a imirt ar an micreaeráid mórtimpeall air.

Sa Phlean Ceantair Áitiúil le haghaidh na hUaimhe leagfar amach an airde atá molta le haghaidh foirgneamh.

<sup>5</sup> [Saincheanglas maidir le Beartas Pleanála 1 sna Treoirínte um Fhorbairt Uirbeach agus Airde Foirgneamh](#)

## 5.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Is ionad tábhachtach í an Uaimh maidir le fostaíocht agus seirbhísí sa Mhí. In 2016 bhí 21.5% de na poist ar fad sa Chontae lonnaithe san Uaimh agus d'fhág sé sin go bhfuil sí ar an bpríomhionad fostaíochta sa Chontae. Is é 0.73 an cóimheas poist le lucht saothair, ráta atá ar an dara ráta is airde sa Chontae.

I measc na n-earnálacha tábhachtacha fostaíochta sa bhaile, tá miandíol, TF agus seirbhísí gairmiúla, riarachán poiblí, oideachas, agus monaraíocht.

Má dhéanfar infheistíochtaí cuí bonneagair agus má chuirfear feabhas ar nascacht, beidh deiseanna ann chun bonn eacnamaíoch an bhaile a leathadh agus fostaíocht bhreise a mhealladh.

Baineann gné lárnach de Straitéis Eacnamaíoch na Comhairle le rogha suíomh a chur ar fáil d'infheisteoirí le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus fostaíochta. Leis an bPlean seo, tacófar le forbairt eacnamaíoch na hUaimhe agus lena forbairt leanúnach mar phríomhionad fostaíochta sa réigiún agus mar ghníomhaí a spreagann an geilleagar sa Chontae.

Mar chuid den Straitéis Eacnamaíoch, tá gnólachtaí agus gníomhaireachtaí fiontair na háite ag obair le chéile chun an Uaimh a fhorbairt mar mhol fostaíochta. Is sampla den chur chuige comhoibritheach seo é Boyne Valley Food Hub a thacaíonn le fás agus forbairt gnólachtaí bia sa Réigiún. Faigheann an tionscadal sin maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann tríd an gCiste um Fhiontar Réigiúnach a Fhorbairt.

Tá seacht bpríomhchrios fiontraíochta agus gnó san Uaimh, lena n-áirítear Páirc Ghnó IDA in Áth Luimnigh, Eastát Tionsclaíochta An Mhullaigh Bhuí, Beechmount Homepark agus Eastát Tionsclaíochta Lios Cartáin. Tá fostaíocht éagsúil le fáil sna Páirceanna Gnó agus Tionsclaíochta sin lena n-áirítear monaraíocht, lóistíocht, feistí leighis, seirbhísí, agus cumarsáid.

Ainmníodh dhá Láithreán Straitéiseacha Fostaíochta san Uaimh - Páirc Ghnó IDA agus Bóthar Bhaile Átha Troim. D'fhéadfadh na láithreáin sin infheistíocht shuntasach eacnamaíoch a bhaint amach. Ainmníodh píosa breise talún fostaíochta ina bhfuil c.29 heicteár ar Bhóthar Bhaile Átha Troim. Tá na tailte sin i suíomh straitéiseach ar an taobh theas den bhaile, áit ar ceadaíodh Bóthar Dáileacháin (LDR 1(b)) a nascfaidh Bóthar Bhaile Átha Cliath le Bóthar Bhaile Átha Troim.

Tá crios fostaíochta i mBaile Fargáin chomh maith, áit a bhfuil tailte criosaithe le haghaidh úsáidí fiontraíochta agus fostaíochta in aice le tailte cónaithe. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na tailte sin chun úsáidí éagsúla fostaíochta a chur ar fáil, rud a thacódh le pobal inbhuanaithe 'maireachtála-oibre' a chruthú sa chuid seo den bhaile. Tá forbairt na dtailte sin ag brath ar bhóthair dáileacháin a fuair páirtchistiú faoin gCiste BASTG a bheith tógtha.

Is é Mianach na Teamhrach, atá suite ar an imeall thiar thuaidh den bhaile, an mianach since is mó san Eoraip agus is mórfhostóir sa bhaile é chomh maith.



### 5.2.1 Miondíol

Is é an Uaimh an príomhionad miondíola sa Mhí agus ainmnítear é mar Ionad Leibhéal 2 ‘Bhaile an Chontae’ sa Chéimiúlacht Mhiondíola. Is ionad gnóthach agus bríomhar é ach mar a aithnítear sa Straitéis Miondíola, d'fhéadfaí feabhas a chur air maidir leis an réimse gníomhaíochtaí agus úsáidí atá ar fáil sa bhaile i dteannta leis an timpeallacht féin a fheabhsú.

Aithnítear 9 Láithreán Deise le haghaidh athfhorbartha sa Straitéis Miondíola. Chuirfeadh forbairt na láithreán sin leis an tairiscint mhiondíola agus le beocht an chroí-limistéar miondíola sa bhaile.

Aimsíodh limistéar fairsingithe le haghaidh lár an bhaile (Máistirphlean 6) ar Bhóthar Bhaile Átha Troim. Ainmníodh na tailte sin mar an suíomh le haghaidh an Stáisiúin Lárnaigh Traenach a thógfar sa bhaile amach anseo. In 2009, deonaíodh cead 10 mbliana le haghaidh forbairt mhór ilchineálach. Níor cuireadh an cead sin i bhfeidhm agus rachaidh sé in éag in 2020. Ní dócha go gcuirfeadh an cead sin i bhfeidhm mar gheall ar scála na forbartha sin agus ar na hathruithe agus na dúshláin atá ag baint leis an timpeallacht mhiondíola le deich mbliana anuas.

Bheadh gá le Máistirphlean nua a ullmhú le haghaidh aon tograí nua a bhaineann leis na tailte sin. Beidh an Stáisiún Traenach agus an limistéar taitneamhachta poiblí/spás pobail ina bpríomhghné d'aon fhorbairt a dhéanfar ar na tailte sin amach anseo. Cé go bhfuil na tailte sin críosaithe chun freastal ar úsáidí lárionaid baile, caithfeadh aon fhorbairt tráchtála a bheith comhlántach le croí-limistéar miondíola an bhaile. Chabhródh soláthar tithe cónaithe ar na tailte sin le croílár bríomhar uirbeach a chruthú ina mbeadh daoine ina gcónaí faoi fhad siúil ó phoist agus seirbhísí.

Os comhair an limistéir fairsingithe bheartaithe do lár an bhaile ar an taobh thoir de Bhóthar Bhaile Átha Troim, tá píosa talún atá críosaithe d'fhorbairt ilchineálach. D'fhéadfadh forbairt shuntasach a sholáthar ar na tailte sin (Máistirphlean 8) atá faoi fhad siúil ó lár an bhaile agus atá in aice le nasc traenach a thógfar amach anseo (go fadtéarmach). Is féidir suas le 50% d'aon fhorbairt a bheith ina fhorbairt chónaithe mar gheall ar an gcriosú ilchineálach sin. Toisc go bhfuil na tailte seo i suíomh straitéiseach atá faoi fhad siúil ó stáisiún traenach a thógfar amach anseo, chabhródh a leithéid d'úsáid le pobail inbhuanaithe maireachtála-oibre a fhorbairt san áit seo. Tá forbairt na dtailte sin ag brath ar sholáthar bóthair dáileacháin LDR1(b) a nascfaidh Bóthar Bhaile Átha Troim le Bóthar Bhaile Átha Cliath.

Le forfheidhmiú na Straitéise Ríochta Poiblí, spreagfar infheistíocht i lár an bhaile agus feabhsófar an timpeallacht uirbeach le haghaidh lucht siopadóireachta agus gnólachtaí.

### 5.2.2 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Is mór an tábhacht a bhaineann le réimse iomlán seirbhísí bonneagar a chur ar fáil chun go dtacófar le forbairt leanúnach na hUaimhe.

**Uisce:** Tagann soláthar uisce an bhaile ón mBóinn agus ón Abhainn Dhubh. Níl mórán toillte breise sa chóras faoi láthair ach tá scéim chaipitiúil beartaithe le haghaidh an bhaile a mhéadóidh toilleadh agus a chabhródh leis an soláthar a chinntiú. Tá an tionscadal sin á phleanáil faoi láthair agus táthar ag siúl go mbeidh sé le linn shaolré an Phlean seo.

**Fuíolluisce:** Scaoiltear an fuíolluisce amach in Ionad Cóireála Fuíolluisce i mBaile Fargáin. Tá toilleadh breise ag an ionad sin teoranta, áfach, agus tá an Chomhairle i mbun pleanála i gcomhar le hUisce Éireann maidir le leathnú caipitil. Táthar ag siúl go mbainfeadh sin amach le linn shaolré an Phlean seo. Tá roinnt srianta ar an líonra freisin.

### 5.2.3 Tuilte

Ainmníodh tailte ina bhfuil baol tuile sa Mheasúnú Straitéiseach ar Phriacal Tuile a ullmhaíodh le haghaidh an Chontae. Chun an baol tuile amach anseo a chosc nó a íoslaghdú, cuirfear cur chuige riosca-bhunaithe i dtaca le bainistiú tuile i bhfeidhm i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sna *“Treoirlínte um an Chóras Pleanála agus Bainistiú Priacal Tuile d’Údarás Phleanála”* (2009).

## 5.3 Gluaiseacht

Tá comhtháthú rathúil na talamhúsáide agus an iompair ríthábhachtach d'fhás inbhuanaithe an bhaile. De réir an SRSE, caithfear Plean Iompair Áitiúil a ullmhú le haghaidh na hUaimhe mar cuid den straitéis chun tacú le pleanáil úsáide talún a chomhcheangal leis an bpleanáil iompair. Ullmhófar an Plean seo i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus cabhróidh sé le bearta a aithint chun an gá le taisteal a laghdú, éifeachtúlacht iompair phoiblí a fheabhsú, an siúl agus an rothaíocht a chur chun cinn agus an cleithiúnas ar an gcarr príobháideach mar an bpríomh-mhodh iompair a laghdú.

De réir mar a fhasann an baile i gcomhréir lena shonrú sa chéimiúlacht lonnaíochta, beidh gá le córas gluaiseachta níos inbhuanaithe a chur i bhfeidhm sa bhaile, agus dá bhrí sin baineann bunchuspóir lárnach an phlean seo le béim a chur ar an tseirbhís áitiúil bus agus ar ghréasáin siúil agus rothaíochta. Is sampla de sin iad na hoibreacha ar an Timpeallán Solstice a rinneadh le déanaí chun é a dhéanamh níos sábháilte le haghaidh coisithe agus rothaithe. Tá an t-acomhal níos sábháilte agus níos áisiúla anois le haghaidh úsáideoirí leochaileacha bóithre mar gheall ar na hoibreacha a rinneadh air. D'aithin an ÚNI na hoibreacha sin mar eiseamláir dea-chleachtais.

Cé go bhfuil seirbhís mhaith réigiúnach bus sa bhaile faoi láthair, tá roinnt easnamh ag baint leis an tseirbhís áitiúil bus. I gcomhar leis an gComhairle, tá sé beartaithe ag an ÚNI an tseirbhís sin a fheabhsú. Chun cabhrú leis an tseirbhís áitiúil sin, tá an Chomhairle i mbun áiteanna nua tuirlingthe/bailithe agus casaidh timpeall a chur ar fáil do bhusanna. Ina theannta sin, ainmníodh deiseanna i bPlean Comhtháite na Ríochta Poiblí agus Gluaiseachta dar teideal ‘An Uaimh 2030’ chun an nascacht idir na seirbhísí áitiúla agus réigiúnacha a fheabhsú. De réir na Straitéise seo, tá gá le háiseanna Páirceála agus Taistil a sholáthar chun go mbeadh rochtain níos fearr ar iompar poiblí agus go mbeadh níos lú daoine ag brath ar an gcarr. Ainmníodh roinnt suímh tosaíochta.

Beidh níos mó tosaíochta á tabhairt don timpeallacht coisithe i lár an bhaile. Mar shampla, tá sé mar aidhm le Tionscadal Athnuachana Chnoc na mBláth ceannas an charr sa chuid seo den bhaile a laghdú agus naisc chuig lár an bhaile a fheabhsú.

I dteannta leis na feabhsúcháin sa ríocht phoiblí, is tosaíocht chomh maith é Gréasán Áitiúil na mBóthar Dáileacháin a chur i gcrích. Chruthódh na Bóthair Dáileacháin sin gréasán iompair inbhuanaithe sa bhaile toisc go nascaí na bealaí gathacha ar fad san Uaimh agus toisc go mbeadh feithiclí in ann teacht ar acomhail mhótarbhealaí gan dul trí lár an bhaile, rud a fhágfaidh go mbeidh níos lú brú tráchta agus níos mó spáis le haghaidh coisithe agus rothaithe.

Is iad na bóithre tosaíochta dáileacháin le haghaidh an ghréasáin iomláin ná LDR 1b a nascfaidh Bóthar Bhaile Átha Troim agus Bóthar Bhaile Átha Cliath<sup>6</sup> agus LDR 4 a nascfaidh Bóthar Ráth Arlain le Bóthar Cheanannais<sup>7</sup>. Déanfar an fhéidearthacht a fhiosrú freisin maidir leis an ngá le haghaidh trasbhealach droichid agus nasc bóthair dáileacháin a nascfaidh Bóthar Bhaile Shláine agus Bóthar na Bóinne.

Sa chuid thuaidh den bhaile i gCluain Mhic Adáin, tá tailte a ainmníodh chun freastal ar Úsáid Ghinearálta Fiontraíochta agus Fostaíochta. I measc na n-úsáidí atá á mbaint as na tailte sin faoi láthair, tá iosta coincríte Kilsaran, ionad aistrithe dramhaíola AES Bord na Móna, agus iosta bonn. Tugann muintir na háite ‘Bóithrín Chluain Mhic Adáin’ ar an mbóthar rochtana go dtí na tailte sin. Is le húnéir príobháideach é an bóithrín agus tá drochbhail air. Sula mbeidh aon fhorbairt eile ar siúl ar an mbóithrín sin, caithfear é a huasghrádú suas go dtí an t-acomhal leis an R162.

Tá sé fós mar phríomhchuspóir an Phlean seo Céim 2 de Thionscadal Iarnróid na hUaimhe a bhaint amach toisc go neartóidh sé an nascacht idir an Uaimh agus Baile Átha Cliath, rud a mheallfaidh níos mó infheistíochta isteach sa bhaile. Tá an Tionscadal sin liostaithe i dTábla 8.2 den SRSE ina bhfuil liosta na dTionscadal Iarnróid le haghaidh an Réigiúin.<sup>8</sup> Coinneofar sa Phlean seo, mar sin, an cuspóir críosaithe ar leith (R1) a bhaineann leis an gConair Iarnróid ina bhféachtar le ‘socrú a dhéanamh do chonair straitéiseach iarnróid agus an bonneagar a bhaineann léi’ chun a chinntiú nach ndéanfar forbairt ar an mbealach atá leagtha amach le haghaidh Chéim II de Líne Iarnróid na hUaimhe (mar atá deimhnithe ag an ÚNI).

## 5.4 An Oidhreacht Chultúrtha, Thógtha agus Nádúrtha

Tá an Uaimh suite i dtírdhreach saibhir Ghleann na Bóinne. Is suíomh ar leith é a bhfuil oidhreacht nádúrtha aige. Is gné thábhachtach den oidhreacht nádúrtha iad an Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (molta) agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.

Baineann an baile leas as an gcreat uirbeach stairiúil, rud a chuireann oidhreacht tionsclaíochta agus monaraíochta an bhaile i gcuimhne dúinn.

Baineann an Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) ‘Chroílár Stairiúil na hUaimhe’ le croílár an bhaile ina bhfuil Sráid Gheata Bhaile Átha Troim, Cearnóg an Mhargaidh, Sráid Gheata an Uisce, Sráid Ludlow, Sráid an Droichid, Cnoc an tSéipéil, Faiche an Aonaigh agus Sráid an Iarnróid idir Sráid Gheata Bhaile Átha Troim agus an Cuarbhóthar. Is ceantar ar leith é croílár bhaile na hUaimhe agus ainmníodh é mar LCA mar gheall ar phatrún na sráideanna, comhshuíomh na sráid-dreach, agus na foirgnimh de thréimhsí, stíleanna agus mionghnéithe éagsúla.

Ainmnítear 202 Déanmhas Cosanta i dTaifead na nDéanmhas Cosanta san Uaimh.

Baineann dúshlán casta le caomhnú oidhreacht an bhaile agus tá gá le cothromaíocht a aimsiú idir an caomhantas agus an fhorbairt atá ag teastáil chun freastal ar riachtanais na ndaoine anois agus san am atá amach romhainn.

<sup>6</sup> Tá Cuid VIII i bhfeidhm le haghaidh an méid céanna

<sup>7</sup> Tá sé beartaithe iarratas pleanála a chur faoi bhráid ABP in 2020.

<sup>8</sup> Tá an t-alt seo den SRSE faoi réir Dréacht-ordachán ón Aire faoi láthair agus measfar nár tháinig sé in éifeacht go dtí go gcuirfear nós imeachta alt 31A i gcrích.

Fuarthas maoiniú chun iarScoil Chlasaiceach Phádraig a athchóiriú faoin gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí. Tá cur síos déantar ar an Déanmhas mar cheann de na píosáí ailtireachta stairiúla is neamhghnáiche sa Chontae. Seanscoil scoite ag a bhfuil seacht mbá agus atá ar dhá hurlár atá san fhoirgneamh ó c. 1840 agus plean éilipseach, tacaí claonta aige chomh maith le nideoga clasaiceacha, cúrsa sceimhle de bhraic adhmaid phéireáilte agus saifhuinneoga tríphárteacha a iompaíodh go monarcha troscáin c. 1975. Ní raibh an foirgneamh á úsáid ar feadh roinnt ama agus cuirfidh a athnuachan agus a athúsáid mar ionad an Chartlann Contae go mór leis an gCeathrú Chultúrtha.

Tá sé mar chuspóir leis an bPlean seo LSCm agus LCS na Bóinne agus na hAbhann Duibhe a chosaint, carachtar Limistéar Caomhantais Ailtireachta an Chroíláir Stairiúil a chaomhnú agus carachtar agus suíomh na nDéanmhas Cosanta a chosaint agus a fheabhsú i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae.

Sainithníodh Limistéar Féideartha Seandálaíochta san Uaimh (ME-025-044). Tá roinnt láithreáin seandálaíochta agus séadchomharthaí sa cheantar seo. Féachann an Plean seo le cinntiú go ndéanfar láithreáin seandálaíochta, séadchomharthaí agus a gcuid suíomh a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú ar bhealach éifeachtúil.

## 5.5 Bonneagar Glas

Tagraíonn bonneagar glas do ghréasán spásanna glasa atá suite anseo is ansiúd sa bhaile. Áirítear leis sin spásanna oscailte, uiscebhealaí, gairdíní, coillearnacha, limistéir fiadhúlra, gnáthóga fiadhúlra, crainn sráide, an oidhreacht nádúrtha agus an tuath féin.

Is sampla de Bhonneagar Glas é ceantar na Rampar atá taobh leis an mBóinn, áit atá ina siúlbealach ardtaitneamhachta. Is acmhainn mhór í Páirc na hAbhann Duibhe chomh maith. Tá limistéir eile sa bhaile atá cois na habhann a d'fhéadfaidís a bheith ina dtaitneamhachtaí agus ina n-acmhainní luachmhara.

Tá deis shuntasach ann gréasán spásanna glasa a chruthú sa bhaile a nascfadh pobail le háiseanna taitneamhachta. Tá sé mar chuspóir leis an bPlean seo straitéis ghlas a ullmhú le haghaidh na hUaimhe.

Tá sé mar chuspóir leis an bPlean seo freisin tacú le hacmhainní agus conairí bonneagair ghlais a bhainistiú agus a fheabhsú.

## 5.6 Bonneagar Sóisialta

Is tagarmharc tábhachtach é méid agus cáilíocht an bhonneagair shóisialta agus pobail atá ar fáil i lonnaithe áirithe maidir le pobal inbhuanaithe a chruthú. Is maith iad na háiseanna sóisialta agus pobail atá san Uaimh lena n-áirítear scoileanna, cúram sláinte, cúram leanaí, saoráidí pobail, páirceanna, clóis súgartha agus eagraíochtaí agus clubanna spóirt. Ní mór go gcuirfear áiseanna leordhóthanacha pobail ar fáil i ngach forbairt nua chun freastal ar riachtanais na gcónaitheoirí nua. I gCaibidil 7 den Straitéis Tógála Pobail leagtar amach na riachtanais a bhaineann le hlniúchtaí Bonneagair Shóisialta le haghaidh gach forbairt chónaithe de bhreis is 50 aonad. D'fhéadfadh go mbeadh iniúchtaí den chineál sin ag teastáil maidir le forbairtí faoi bhun na tairsí sin.

Cuireadh Céim 1 de Pháirc na hAbhann Duibhe i gcrích in 2015 agus áiríodh leis sin áit súgartha do leanaí, faichí imeartha agus cosáin siúil a thógáil. Baineann muintir na háite leas as acmhainn na páirce agus is taitneamhacht thábhachtach fóillíochta í le haghaidh an bhaile.

Leis an athfhorbairt ar Pháirc Tailteann a fuair cead planála le déanaí, cuirfear áis nua-aimseartha spóirt ar fáil inar féidir imeachtaí spóirt áitiúla agus réigiúnacha a chur ar siúl.

De réir mar a fhásann daonra na hUaimhe, leanfar de bheith ag tacú le soláthar bonneagair pobail leis an bPlean seo. Aithníodh go bhfuil gá i mBaile Sheáin le saoráid phobail ar leith a fhreastalóidh ar mhuintir na háite. Rinne Rannóg Pobail na Comhairle suirbhéanna mionsonraithe ar mhuintir áitiúil sna ceantair ábhartha. Leis an bPlean seo, tacófar le saoráid phobail a chur ar fáil i mBaile Sheáin.

Aithníodh go bhfuil gá le saoráidí breise pobail agus spás gníomhach oscailte i dtuaisceart na hUaimhe. Beidh tóir bhreise ar a leithéid de shaoráidí sa chuid seo den bhaile má dhéanfar forbairt ar thailte CFS. Agus an méid seo á chur san áireamh, tá c.5 heicteár breise talún tar éis a bheith criosaithe chun freastal ar úsáidí pobail in aice le CLG Ghaeil Bhaile Shíomóin.

Leis an bPlean seo, tacófar freisin leis an bhFeidhmeannacht Seirbhíse Sláinte agus leis an Roinn Sláinte maidir le hOspidéal nua Réigiúnach a chur ar fáil sa bhaile agus maidir le tailte a aithint le haghaidh bunscoil nua agus iar-bhunscoil nua. Cabróidh sé sin le bonneagair pobail agus foirgneamh pobail a chur ar fáil, rud atá riachtanach chun fás inbhuanaithe na hUaimhe a chinntiú.

## 5.7 Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

Is plean comhtháite na ríochta poiblí agus gluaiseachta é 'An Uaimh 2030' ina bhféachtar le feabhas a chur ar ríocht poiblí an bhaile. Is é ceann de chuspóirí na straitéise ná na naisc idir na sráideanna stairiúla agus na sráideanna nua-aimseartha a fheabhsú agus timpeallacht a chruthú inar féidir le daoine taitneamh a bhaint as an gcroílár uirbeach.

I dteannta le tacaíocht a thabhairt d'fheabhsúchán sa ríocht poiblí, leagtar béim láidir ar thimpeallacht mhealltach uirbeach a chruthú ina bhfuil ómós áite le sonrú. Ba chóir go gcuirfeadh foirgnimh agus spáis nua le carachtar agus sainiúlacht na hUaimhe.

## 6.0 Máistirphleananna

Ainmníodh 13 limistéar Máistirphlean san Uaimh. Is éard is aidhm do Mháistirphlean ná a chinntiú go dtugtar faoi chur chuige comhtháite maidir le tailte a chéimniú, a bhainistiú agus a fhorbairt laistigh de Limistéar an Mháistirphlean. Ní mheasfar iarratas planála mura mbeadh Máistirphlean comhaontaithe i scríbhinn le Feidhmeannas an Údaráis Phleanála.

Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun athmheasúnú a dhéanamh ar Mháistirphleananna comhlánaithe i gcás aon athraithe ar imthosca ina mbeadh gá lena leithéid d'athmheasúnú. Baineann an méid seo leis an bhFeidhmeannacht toisc nach pleananna reachtúla iad Máistirphleananna.

### 6.1 Stádas na Máistirphleananna

Máistirphlean	Stádas
Máistirphlean 1	Le hullmhú
Máistirphlean 2	Comhaontaithe in 2017
Máistirphlean 3	Le hullmhú

Máistirphlean 4	Comhaontaithe in 2018
Máistirphlean 5	Comhaontaithe in 2016
Máistirphlean 6	Le hullmhú
Máistirphlean 7	Le hullmhú
Máistirphlean 8	Le hullmhú
Máistirphlean 9	Comhaontaithe in 2018
Máistirphlean 10	Le hullmhú
Máistirphlean 11	Le hullmhú
Máistirphlean 12	Le hullmhú
Máistirphlean 13	Le hullmhú

## 6.2 Cur Síos ar an Máistirphlean

Máistirphlean	Cur Síos
MP 1	Baineann Máistirphlean 1 le tailte ina bhfuil limistéar de c.3.7 heicteár críosaithe de thalamh neamhfhorbartha d'fhorbairt ilchineálach agus c.2.6 heicteár críosaithe mar spás oscailte. Déanann an Bhóinn dhá leath de na tailte sin agus tá an limistéar roinnte ina dhá cheantar ar leith ar an taobh thuaidh agus ar an taobh theas den abhainn. Tá cuid de na tailte suite taobh istigh de LCA agus LSC na Bóinne agus na hAbhann Duibhe. Tá na tailte ar an taobh thuaidh den Abhainn suite i suíomh feiceálach ag acomhal Bhóthar Ráth Arlain agus an Bhóthair Faoisimh Laistigh. Tá deis ann foirgneamh séadchomhartha a bheadh ina fhoirgneamh tairsí nó ina fhoirgneamh séadchomhartha le haghaidh an cheantair a dhearadh agus a thógáil sa suíomh sin. Mar gheall ar dhifriochtaí i leibhéil na dtailte a thiteann le fána anuas go dtí an abhainn, beidh dúshlán ag baint le nascacht a chruthú idir na spáis fóillíochta/oscailte agus na tailte ilchineálacha. Mar sin féin beidh a leithéid de nascacht ina ghné lárnach le haghaidh forbairt na dtailte amach anseo.
MP 2	Baineann Máistirphlean 2 le tailte ina bhfuil limistéar de c.11.5 heicteár ar an taobh thiar de na tailte i Limistéar Mháistirphlean 1 agus ar an taobh thuaidh den Bhóthar Faoisimh Laistigh. Tá na tailte sin críosaithe d'fhorbairt ilchineálach agus d'úsáidí spáis oscailte. Socraíodh Máistirphlean le haghaidh na dtailte sin in 2017. Deonaíodh cead pleanála in 2018 le haghaidh forbairt ilchineálach ar chuid de na tailte lena n-áirítear úsáidí miondíola, leighis agus oifigí.
MP 3	Baineann Máistirphlean 3 le tailte ina bhfuil limistéar de c.26 heicteár a ainmníodh chun freastal ar úsáidí cónaithe idir Páirc an Bhaile agus Líne Iarnróid na hUaimhe-Dhún an Rí. Tá limistéar ardtaitneamhachta in aice leis an Abhainn Dhubh sa chuid theas de limistéar an Mháistirphlean. Ós rud é go bhfuil na tailte sin in aice le suíomh ar a dtógfear stáisiún traenach amach anseo, ba chóir go mbeadh árasáin i measc an réimse teaghlach a thógfear ar na tailte sin. Is cuid lárnach den Mháistirphlean seo é dearadh agus soláthar bhóthar áitiúil dáileacháin LDR 4 agus is tosca é a chinnfidh leagan amach na dtailte cónaithe.
MP 4	Baineann Máistirphlean 4 leis na tailte idir Bóthar Chluain Mhic Adáin agus Bóithrín Kilsaran ina bhfuil limistéar de c.27.5 heicteár atá críosaithe chun freastal ar úsáidí cónaithe, pobail, spáis oscailte agus úsáidí ilchineálacha. Socraíodh an Máistirphlean sin in 2018. Tá forbairt chónaithe ar a dtugtar 'Cluain Adáin' á tógáil faoi láthair i limistéar an Mháistirphlean.

Máistirphlean	Cur Síos
MP 5	Baineann Máistirphlean 5 le limistéar atá thart ar Theach Blackcastle agus a sheandiméin. Tá an limistéar sin criosaithe chun freastal ar úsáidí cónaithe. Socraíodh Máistirphlean mar chuid d'iarratas pleanála ar na tailte seo in 2016.
MP 6	Baineann Máistirphlean 6 le tailte atá criosaithe chun freastal ar úsáidí lárionaid baile ar an taobh theas de chroí-limistéar miondíola an bhaile. Tá sé beartaithe go fadtéarmach go mbeidh Stáisiún Traenach na hUaimhe suite ar na tailte sin. Beidh tionchar ag an stáisiún traenach sin agus an tearmann iarnróid a bhaineann leis ar dhearadh agus leagan amach aon fhorbartha ar na tailte sin amach anseo. Beidh an Stáisiún Traenach agus plás pobail ina ngné lárnach d'aon fhorbairt lena mbaineann úsáidí tráchtála agus atá comhlántach agus tánaisteach le Croí-Limistéar Miondíola an bhaile. Cabhróidh cothromaíocht chúí d'úsáidí tráchtála agus cónaithe ina bhfuil meascán de chineálacha tithe agus árasán le pobal cónaithe inbhuanaithe a chruthú i dtimpeallacht áisiúil atá gar do lár an bhaile agus ina bhfuil naisc láidre ó thaobh iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta de.
MP 7	Baineann Máistirphlean 7 le tailte atá ar an taobh theas de Bhóthar Bhaile Átha Buí agus an taobh theas den Acomhal Mótarbhealaí i gCnoc Comair. Tá an limistéar seo beartaithe le haghaidh úsáidí fiontraíochta agus fostaíochta go príomha agus beidh sé ina shuíomh le haghaidh limistéar fairsingithe Eastát Tionsclaíochta an Mhullaigh Bhuí.
MP 8	Baineann Máistirphlean 8 le triantán talún atá cruthaithe ag Bóthar Bhaile Átha Troim, seanailíniú Iarnróid na hUaimhe-Bhaile Átha Cliath agus na tailte in aice le hAbhainn na hEala. Ainmníodh an limistéar seo le haghaidh úsáidí ilchineálacha agus spás oscailte/limistéar taitneamhachta. Beidh dearadh agus soláthar bhóthar áitiúil dáileacháin LDR 1(a) ina ghné lárnach d'aon Mháistirphlean. Sa Mháistirphlean beidh sonraí ar chéimniú beartaithe fhorbairt na dtailte, ar a mbeidh seachadadh an Bhóthair Dáileacháin.
MP 9	Baineann Máistirphlean 9 le Staidiam CLG Pháirc Tailteann agus na páirceanna in aice leis atá os comhair Chnoc Uí Bhrú agus Bhóthar an Choimín. Tá sé beartaithe go mbeidh mol nua-aimseartha spóirt sa limistéar sin a chuireadh Páirc Tailteann uasghrádaithe agus úsáidí comhlántacha. Socraíodh an Máistirphlean seo mar chuid den chead pleanála a deonaíodh in 2018 le haghaidh uasghrádú Pháirc Tailteann.
MP 10	Baineann Máistirphlean 10 le píosa dronuilleogach talún atá cruthaithe ag Bóthar Bhaile Átha Troim, Seanailíniú Iarnróid na hUaimhe-Bhaile Átha Cliath agus na tailte atá in aice le Bóthar Borallion. Tá forbairt na dtailte fostaíochta straitéisí sin dá dtugtar an-tacaíocht sa SRSE ag brath ar Mháistirphlean foriomlán a bheith socraithe, infhaighteacht seirbhísí uisce agus fuíolluisce chomh maith leis an mbonneagar a bhaineann leo sin lena n-áirítear soláthar céimneach na seirbhísí sin agus socruithe cuí maidir le rochtain a chur ar fáil. An Bóthar Áitiúil Dáileacháin LDR 1 (b) atá trasna an pháosa talún sin agus a nascann Deisceart na hUaimhe le Bóthar Bhaile Átha Troim, beidh an bóthar sin comhtháite le Máistirphlean foriomlán le haghaidh na dtailte sin agus soláthrófar é ina iomláine i dteannta le forbairt na dtailte siúd, ar bhonn céimneach de réir mar atá socraithe leis an Údarás Pleanála.  Tá sé beartaithe go mbeidh an limistéar sin ina rogha le haghaidh shuíomh an Ospidéal Réigiúnaigh agus úsáidí tánaisteacha cúram sláinte agus go gcruthófar mol fostaíochta ann i gcomhréir lena chriosú E1/E2.

Máistirphlean	Cur Síos
MP 11	<p>Baineann Máistirphlean 11 leis na tailte atá cóngarach do Bhóthar Ráth Arlain i mBaile Naoimhín atá criosaithe le haghaidh úsáidí pobail agus tá an Chuid 'Whitelands' den tearmann iarnróid le haghaidh líne iarnróid na hUaimhe suite ar na tailte sin. Ina theannta sin, tá tailte ardtaitneamhachta suite taobh leis an teorainn theas in aice leis an Abhainn Dhubh. D'fhéadfadh an tOspidéal Réigiúnach a bheith i measc na n-úsáidí féideartha pobail ar na tailte sin. Mar chuid d'aon Mháistirphlean a ullmhú do na tailte sin, aontófar suíomh na rochtana ar an tailte sin, a bheidh ón R147 (Bóthar Cheanannais), le Feidhmeannas an Údaráis Pleanála.</p>
MP 12	<p>Baineann Máistirphlean 12 le tailte atá criosaithe chun freastal ar úsáidí cónaithe, fostaíochta, pobail agus spáis oscailte/fóillíochta i gceantar Áth Luimnigh/Bhaile Fargáin. Ullmhófar Máistirphlean le haghaidh na dtailte sin a chinnteoidh go soláthrófar forbairt atá céimnithe ar bhealach cuí lena n-áirítear meascán cuí de chineálacha tithe agus d'úsáidí pobail agus fostaíochta. Le cinntiú go gcuirfear seirbhísí leordhóthanacha ar fáil sa chuid seo den bhaile, mar chuid d'fhorbairt na dtailte sin soláthrófar seirbhísí agus áiseanna áitiúla lena n-áirítear ionad comharsanachta.</p> <p>Is cuid lárnach d'fhorbairt na dtailte seo Bóthar Dáileacháin LDR 2(a) a sheachadadh. Seachadfar an Bóthar sin i dteannta le forbairt an Mháistirphlean seo.</p> <p>Déanfaidh forbairt na dtailte seo foráil maidir le forbairt céimnithe agus comhtháite lena n-áirítear an bóthar dáileacháin agus seirbhísí áitiúla agus áiseanna pobail a sheachadadh in éineacht le forbairt cónaithe. Aontófar céimniú fhorbairt na dtailte i scríbhinn le Feidhmeannas an Údaráis Pleanála mar chuid den Mháistirphlean a ullmhú.</p>
MP 13	<p>Baineann Máistirphlean 13 le tailte idir Bóthar Bhaile Átha Troim agus Bóthar an Choimín. Tá na tailte sin le forbairt le haghaidh úsáidí cónaithe go príomha. Tá achar c.39.6 heicteár ag an Máistirphlean. Le cinntiú go gcuirfear seirbhísí leordhóthanacha ar fáil sa chuid seo den bhaile, mar chuid d'fhorbairt na dtailte sin, soláthrófar seirbhísí agus áiseanna áitiúla lena n-áirítear ionad comharsanachta, d'fhéadfadh fiontair bheaga a bheadh comhoiriúnach le háiseanna pobail i suíomh cónaithe a bheith mar chuid díobh freisin, agus coimeádfar láithreán do bhunscoil, an méid agus an suíomh a aontófar leis an Roinn Oideachais.</p> <p>Is cuid lárnach d'fhorbairt na dtailte seo Bóthar Dáileacháin Áitiúil LDR 2(a) a sheachadadh. Beidh dearadh agus seachadadh an Bhóthair Dáileacháin sin curtha san áireamh mar chuid d'aon Mháistirphlean maidir leis an tailte sin. Seachadfar an Bóthar Dáileacháin sin ina iomláine i dteannta le forbairt an Mháistirphlean seo. Aontófar aon tograí céimnithe maidir leis na tailte sin a fhorbairt agus an Bóthar Dáileacháin a thógáil i scríbhinn le Feidhmeannas an Údaráis Pleanála mar chuid den Mháistirphlean a ullmhú.</p>



## 7.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Baile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrú a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

### Beartas

Is é beartas na Comhairle:

BEA NA HUAIMHE 1 Leanúint de bheith ag tacú le fás eacnamaíoch agus daonra bunaithe ar phrionsabail phobail inbhuanaithe agus timpeallachta mealltaí d'ardchaighdeán chun stádas na hUaimhe mar Phríomhbhaile agus an príomhionad eacnamaíoch agus seirbhísí sa Mhí a dhaingniú agus a neartú.

### Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

#### Lonnaíocht agus Tithíocht

CUSP NA HUAIMHE 1	Forfheidhmiú Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, de réir mar is féidir, trí chinntú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh le haghaidh na hUaimhe mar atá leagtha amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.
CUSP NA HUAIMHE 2	Dlús íosta de 45 aonad/heicteár a spreagadh ar thailte atá i suíomh lárnach nó I lár an bhaile nó atá beartaithe le haghaidh forbairt nua chónaithe nó úsáid ilchineálach nó atá suite in aice le staisiúin iarnróid a thógfá amach anseo.
CUSP NA HUAIMHE 3	Forbairt chónaithe a thacú agus a spreagadh ar thailte tearcúsáidte agus/nó ar thailte neamhshealbhaithe lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta' ag brath ar dhearadh agus leagan amach d'ardchaighdeán a bheith bainte amach.
CUSP NA HUAIMHE 4	Leanúint de bheith ag tacú le forfheidhmiú na Straitéise Bainistíochta le haghaidh Talamh Ghníomhach san Uaimh.
CUSP NA HUAIMHE 5	Tacú le dul chun cinn agus soláthar na dtionscadal atá maoinithe faoin gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>i) Tionscadal Athnuachana Chnoc na mBláth</li> <li>ii) An Scéim um Ghníomhachtú Talún</li> <li>iii) An Tionscadal um Athnuachan Halla an Chontae lena n-áirítear athchóiriú Scoil Chlasaiceach Phádraig.</li> </ul>

- CUSP NA hUAIMHE 6 Tacú le tús áite a thabhairt d'fhorbairt chónaithe i suímh atá in aice le lár an bhaile nó suímh óna bhfuil rochtain éasca ar lár an bhaile.
- CUSP NA hUAIMHE 7 Ord Tosaíochta a chur i bhfeidhm maidir le scaoileadh agus forbairt tailte cónaithe. Maidir le tailte atá sonraithe mar 'I ndiaidh 2026', ní bheidh siad ar fáil le haghaidh forbartha go dtí tar éis na bliana 2026.

### Geilleagar agus Fostaíocht

- CUSP NA hUAIMHE 8 An Uaimh a chur chun cinn mar phríomhionad le haghaidh fiontraíochta agus fostaíochta sa Chontae.
- CUSP NA hUAIMHE 9 Tuilleadh forbartha a spreagadh ar Pháirc Ghnó & Teicneolaíochta IDA san Uaimh mar cheann de na príomhláithreáin straitéiseacha le haghaidh fostaíochta mar a ainmníodh i Straitéis Forbartha Geilleagraí 2014-2022 do Chontae na Mí.
- CUSP NA hUAIMHE 10 Tacú le forbairt na dtailte fostaíochta ar Bhóthar Bhaile Átha Troim (MP10) mar shuíomh straitéiseach le haghaidh fostaíochta sa bhaile.
- CUSP NA hUAIMHE 11 Tacú le pobail 'mhaireachtála-oibre' a bhaint amach i mBaile Fargáin agus i mBaile Naomhín mar atá molta i Straitéis Forbartha Geilleagraí 2014-22 do Chontae na Mí.
- CUSP NA hUAIMHE 12 Tacú le hathfhorbairt chuí a dhéanamh ar Pháirc Tailteann mar mhol nua-aimseartha spóirt a chuimseoidh Páirc Tailteann uasghrádaithe agus roinnt úsáidí comhlántacha.
- CUSP NA hUAIMHE 13 Tacú le hathfhorbairt iar-oifigí na Comhairle Contae ar Shráid an Iarnróid mar phríomhláithreán deise i lár an bhaile.
- CUSP NA hUAIMHE 14 Tacú le Ceantar Nuálaíochta Bia i nGleann na Bóinne a bhaint amach i suíomh oiriúnach.
- CUSP NA hUAIMHE 15 Tacú le forfheidhmiú na moltaí sa Straitéis Turasóireachta le haghaidh Ghleann na Bóinne.
- CUSP NA hUAIMHE 16 Leanúint de bheith ag forbairt na hUaimhe mar Lárionad Baile Leibhéal II agus príomhionad miondíola sa Chontae. Molfar siopadóireacht chomparáideach éagsúil sa bhaile chun ligean an mhiondíola chomparáidigh chuig an réigiún mór a chosc.

### Bonneagar

- CUSP NA hUAIMHE 17 Chun dul i gcomhairle le hUisce Éireann agus tacú leis chomh maith le haghaidh seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais forbartha na hUaimhe le linn thréimhse an Phlean.

CUSP NA hUAIMHE 18 Baol tuile agus forbairt a bhainistiú san Uaimh i gcomhréir leis na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach in alt 6.7.2 d'Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae: 'Bainistíocht Priacail Tuile'.

### Gluaiseacht

CUSP NA hUAIMHE 19 Plean Áitiúil Iompair le haghaidh na hUaimhe a ullmhú i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus i gcomhréir leis an Straitéis Iompair le haghaidh Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath.

CUSP NA hUAIMHE 20 Suímh chuí a aimsiú le haghaidh áis Pháirceála agus Taistil bunaithe ar bhus san Uaimh.

CUSP NA hUAIMHE 21 Tacú le soláthar na bpríomhthionscadal bóithre seo a leanas:

- i) Bóthar Dáileacháin LDR1a) Bóthar Bhaile Átha Troim go Bóthar Bhaile Átha Cliath
- ii) Bóthar Dáileacháin LDR 1b) Bóthar Ceangail Chill an Chairn
- iii) Bóthar Dáileacháin LDR 2a) Bóthar an Choimín go Bóthar Bhaile Átha Troim
- iv) Bóthar Dáileacháin LDR 2b) Bóthar an Choimín go Bóthar Bhaile Átha Buí
- v) Bóthar Dáileacháin LDR 4 Bóthar Ráth Arlain go Bóthar Cheanannais
- vi) Bóthar Dáileacháin LDR 6 Bóthar Bhaile an Cheantaigh go Bóthar na Bóinne

Braithfidh forbairt na tionscadal bóithre sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreán Eorpaigh, forbrófar bealaí nó dearáí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna ná tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bhearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag na tograí ar an Láithreán Eorpach nó na Láithreáin Eorpacha, ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar aige ar shláine an Láithreáin Eorpaigh nó na Láithreán Eorpach.

CUSP NA hUAIMHE 22 Tacú le feabhsúcháin i ngréasán na mbóithre áitiúla, go háirithe idir Bóthar Metges agus Crois Uí Chathasaigh.

CUSP NA hUAIMHE 23 Tacú le feabhsúcháin sa ghréasán bus lena n-áirítear feabhsúcháin i rochtain, áiseanna agus uasghráduithe seirbhísí agus acomhail i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

CUSP NA hUAIMHE 24 Tacú le dul chun cinn Chéim II de thionscadal líne iarnróid agus sheirbhísí traenach na hUaimhe i gcomhar le gníomhaireachtaí leasmhara eile.

CUSP NA hUAIMHE 25 An fhéidearthacht a fhiosrú maidir leis an ngá le haghaidh trasbhealach droichid agus bóthar dáileacháin a nascfaidh Bóthar Bhaile Shláine le Bóthar na Bóinne.

CUSP NA hUAIMHE 26 Tacú le huasghrádú Bhóithrín Chluain Mhic Adáin ag na páirtithe leasmhara a bhaineann leis.

- CUSP NA hUAIMHE 27 Tacú le feabhsúcháin ar an acomhal idir Sráid an Acadaimh agus Bóthar Bhaile Átha Cliath.
- CUSP NA hUAIMHE 28 Tailte criosaithe ‘Chonair Iarnróid’ R1 a chosaint ó fhorbairt mhíchuí agus na tailte a chaomhnú le haghaidh soláthar chonaire straitéiseach iarnróid na hUaimhe a nascaidh an Uaimh le Dún an Rí.
- CUSP NA hUAIMHE 29 Tacú le lánaí rothar agus an bonneagar rothaíochta a bhaineann leo a chur i bhfeidhm de réir mar atá sonraithe i bPlean Ghréasán Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus páirtithe leasmhara eile.

### **An Oidhreacht Chultúrtha, Thógtha agus Nádúrtha**

- CUSP NA hUAIMHE 30 Luach oidhreachta na hUaimhe agus a carachtair sráid-dreacha a chur chun cinn chun go mbainfidh cuairteoirí agus cónaitheoirí níos mó taitnimh as an mbaile.
- CUSP NA hUAIMHE 31 Tacú agus cabhrú le réimse leathan feabhsúchán a chur i bhfeidhm i Lár Bhaile na hUaimhe maidir le rochtain, caighdeán na timpeallachta agus taitneamhacht faoin tionscnamh dar teideal ‘An Uaimh 2030’.

### **Bonneagar Glas**

- CUSP NA hUAIMHE 32 Tacú agus cabhrú le soláthar Ghlasbhealach na Bóinne taobh istigh de limistéar an bhaile agus é a chomhcheangal le taitneamhachtaí agus naisc ábhartha chuig an gcreat uirbeach.
- CUSP NA hUAIMHE 33 Tacú le rochtain agus áiseanna a chur ar fáil maidir le fóillíochta gníomhaí agus spóirt uisce ar an mBóinn. Braithfidh seachadadh tionscadal den chineáil sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar suíomhanna, nósanna imeachta agus/nó dearaí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na tograí ar shláine Láithreáin Eorpach, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Más amhlaidh, d’ainneoin na mbeart maolaithe a chuirtear i bhfeidhm, go mbeadh riosca ann i gcónaí go ndéanfadh na tograí díobháil do shláine aon Láithreáin Eorpacha, ní rachaidh an tionscadal ar aghaidh mura gcuirfí i bhfeidhm réiteach malartach a sheachnódh/laghdódh an tionchar ionas nach gcuirfí isteach ar shláine an Láithreáin Eorpaigh/na Láithreáin Eorpach níos mó. Ní mór go ndéanfadh na tograí measúnú freisin ar an tionchar a bheadh ag líon méadaithe cuairteoirí agus gníomhaíocht mhéadaithe ar láithreáin Eorpacha agus ar an bhféidearthacht go dtabharfaí isteach speicis ionracha trí áineas gníomhach/spóirt uisce. Tá sé réasúnta talamh slán a dhéanamh de ag céim an deartha shonraigh go bhféadfaí, agus go ndéanfar, aon fhéidearthacht go mbeadh tionchar ag gné tionscadail ar Láithreáin Eorpacha, a réiteach trí hionaid nó dearaí malartacha a chomhlíonfadh a bhfeidhm/ról fós a iniúchadh.

- CUSP NA hUAIMHE 34 Tacú le hullmhúchán ‘Straitéis Spáis Ghlais’ san Uaimh le linn shaolré an Phlean.
- CUSP NA hUAIMHE 35 Caomhnú crann aonair nó grúpaí crann nó coillearnach a aithnítear ar Léarscáil Oidhreacht na hUaimhe (Léarscáil uimh. 22b) a chur chun cinn agus na crainn sin a bhainistiú i gcomhréir le dea-chleachtas crannadóireachta.

### Bonneagar Sóisialta

- CUSP NA hUAIMHE 36 Tacú le háiseanna cuí breise oideachais, sláinte agus fóillíochta a chur ar fáil sula dtiocfaidh méadú ar an líon cónaitheoirí.
- CUSP NA hUAIMHE 37 Soláthar scoileanna i suímh cuí a chinntiú de réir cheangal na Roinne Oideachais.

### Dearadh Uirbeach agus an Ríocht Phoiblí

- CUSP NA hUAIMHE 38 Tacú agus cabhrú le feabhas a chur ar an gCearnóg Phoiblí ar Bhóthar Uí Chinnéide chun a cuid feidhme poiblí a threisiú.
- CUSP NA hUAIMHE 39 Straitéis na Ríochta Poiblí dar teideal ‘An Uaimh 2030’ a chur i bhfeidhm agus tacú le dul chun cinn agus soláthar na dtionscadal atá maoinithe faoin gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí lena n-áirítear:
- i) Tionscadal Athnuachana Chnoc na mBláth
  - ii) An Scéim um Ghníomhachtú Talún
  - iii) An Tionscadal um Athnuachan Halla an Chontae lena n-áirítear athchóiriú Scoil Chlasaiceach Phádraig.